

Crawford Art Gallery

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018





CLÁR ÁBHAR

CLÁR ÁBHAR.....1

RÉAMHRÁ3

FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH 4

BROLLACH LEIS AN STIÚRTHÓIR..... 5

RÉAMHRÁ7

BAILIÚCHÁN.9

CLÁR NA dTAISPEÁNTAS SEALADACH 11

BÍ AG FOGHLAIM IS AG FIOSRÚ15

CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD 21

CAIFÉ DHÁNLANN CRAWFORD. 25

TUARASCÁIL 2018 AR NA TAISPEÁNTAIS 27

AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD 33

CREIDIÚINTÍ DO NA hÍOMHÁNNA 38



RÉAMHRÁ

Eolas Faoi Dhánlann Crawford

Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta í Dánlann Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár Chathair Chorcaí agus atá tiomnaithe do na hamharcealaíona stairiúla agus chomhaimseartha araon. Is áit í an Dánlann a bhfuil sé riachtanach cuairt a thabhairt uirthi, is cuma más duine de mhuintir na háite tú nó más turasóir tú, agus tagann breis is 230,000 cuairteoir in aghaidh na bliana chun an láithreán seo atá ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine.

Tá bailiúchán mór fairsing coimeádta i nDánlann Crawford agus saothair ann a thagann ón 18ú hAois suas go dtí an lá atá inniu ann. Chomh maith leis sin, is ann ata na ‘Dealbha Canova’ gur mór an cáil atá orthu, ar bronnadh ar Chathair Chorcaí iad beagnach dhá bhliain ó shin.

Tá pictiúir a bhfuil cáil agus gean mór orthu ó ealaíontóirí Éireannacha na 20ú hAois sa bhailiúchán fairsing atá sa Dánlann, agus saothair ann a rinne leithéidí Seán Keating, John Lavery, Jack B. Yeats, Norah McGuinness, Gerard Dillon agus Muriel Brandt iad, chomh maith le saothair de chuid ealaíontóirí comhaimseartha ar nós Eilís O’Connell, Maud Cotter & Hughie O’Donoghue.

Bíonn an-chuid taispeántas sealadach de chuid ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon á óstáil sa Dhánlann, idir na hamharc-ealaíon, an taibhealaín agus suiteáin. Tá Clár Foghlama & Fiosraithe saibhir agus tarraingteach againn a thugann deis don lucht féachana ilghnéitheach atá againn idirghníomhú a dhéanamh leis an ealaín agus le healaíontóirí i raon comhthéacsanna neamhghnácha.

Tá fáilte romhat taitneamh a bhaint as na turais saor in aisce atá curtha ar fáil againn agus tairbhe a bhaint as an suaimhneas agus an t-atmaisféar sa dánlann nach féidir a fháil ach amháin i bhfoirgneamh a bhfuil stair agus áilleacht dá leithéid aige. In ailtireacht an fhoirgnimh, tá meascán le feiceáil den gailearaí nua-aimseartha agus den stair, lena dtugtar cúlbhrat iontach don bhailiúchán seo a bhfuil tábhacht ag baint leis ar an mbonn náisiúnta.

Is féidir teacht ar níos mó eolais faoi Dhánlann Crawford ag: www.crawfordartgallery.ie.

FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Is mór an chúis sásaimh dom í, thar ceann Bhord Stiúrthóirí Dhánlann Crawford, tuairisc a thabhairt ar an mbliain shuntasach fhorásach a bhí againn i nDánlann Crawford.

Tharla athruithe suntasacha in 2018 agus Stiúrthóir nua againn, Mary Mc Carthy, a ghlac an fhreagracht sin uirthi i mí Feabhra 2018.

Is í 2018 an bhliain ar cuireadh tús leis an Dánlann a bheith oscailte don phobal seacht lá na in aghaidh na seachtaine lenar cuireadh leis an tionchar poiblí atá againn chomh maith leis an méid teacht atá ag daoine uirthi. Athrú ó bhonn a bhí i gceist don Dánlann agus dár lucht féachana a bheith oscailte Dé Domhnaigh.

Tháinig fás suntasach faoi líon na gcuairteoirí agus bhí breis is 230,000 cuairteoir meallta chun teacht go dtí an Dánlann faoi dheireadh na bliana, méadú de 22%, agus tá pleananna uailmhianacha i bhfeidhm le níos mó fáis a bheith ann in 2019.

Tá sé i gceist ag Dánlann Crawford páirt lárnach a bheith aige san iarracht chun Corcaigh a shainmhíniú, toisc go bhfuil fás agus athrú suntasach ag teacht ar an gcathair agus ar an réigiún faoi láthair.

Bhí na taispeántais sa Dánlann uailmhianach agus lán ábhar machnamh agus tarraingíodh a lán aird ar an seó mór a bhí againn sa Samhradh, *The Naked Truth [An Fhirinne Lom]* agus sna taispeántais *Earth Wind and Fire [Cré, Gaoth agus Tine]* sa tír ar fad agus ar fud na cruinne, fiú.

Cuireadh feabhas breise ar an mBailiúchán leis an gcaomhnú agus an cúram.

Lean ár gcláir Learn and Explore [Bí ag Foghlaim is ag Fiosrú] ar aghaidh ag leathnú amach agus ag teacht ar lucht féachana nua le cláir uathúla cainteanna agus ceardlanna.

Tá na pleananna Caipitil atá againn ag céim mheasúnaithe mhionsonraithe agus táthar ag leathnú amach an caidreamh atá againn leis an OPW.

Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Dhánlann Crawford as an saineolais, an díograis agus an tiomantais atá le brath iontu, agus is mar gheall ar na cáilíochtaí sin gur féidir linn a bheith cinnte de go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh a bheith rathúil agus spreagúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an líon fada cuairteoirí a tháinig go dtí an Dánlann chomh maith leis na páirtithe cruthaitheacha atá againn, lenár bpátrúin agus lenár n-urraitheoirí as an rannchuidiú fhlaithiúil an tacaíocht agus aird atá tugtha acu dúinn.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire Josepha Madigan agus le hoifigigh na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta as an ionadaíocht atá déanta acu ar son Dhánlann Crawford chomh maith leis an tacaíocht atá tugtha acu dúinn.

I mo cháil mar Chathaoirleach, ba mhaith liom an deis seo a thapú chomh maith chun aitheantas a thabhairt don scil agus don díograis as cuimse a thugann comhaltaí bhoird agus na fhochoistí Crawford don Bhord ar bhonn deonach agus táimid go léir ag súil leis go bhfuil an todhchaí spreagúil do Dhánlann Crawford.

Rose McHugh
Cathaoirleach



BROLLACH LEIS AN STIÚRTHÓIR

Ghlac mé an post mar Stiúrthóir i mí Feabhra 2018 agus táim den tuairim gur mhór an phribhléid dom oibriú i gcomhar le Foireann agus Bord Dhánlann Crawford.

Tá gach aon cheann acu dírithe ar bhealach ar leith ar Dhánlann Crawford mar thionscadal ann féin, agus ar forbairt, leathnú amach agus athfhorbairt leanúnach na Dánlainne sin freisin.

In 2018, cuireadh Dánlann Crawford ar oscailt seacht lá in aghaidh na seachtaine den chéad uair riamh, agus cuireadh ar ár gcumas go leor comhpháirtíochtaí nua a chur i gcrích dá bharr, agus dul i ngleic lenár lucht féachana níos doimhne chomh maith.

Tháinig borradh suntasach faoin méid rannpháirtíocht a rinne an lucht féachana mar gheall ar bhealaí níos uathúla chun idirghníomhú leis na saothair is na cláir atá againn a bheith curtha ar fáil do na cuairteoirí.

Níor thaispeáin taispeántais cheannródaíocha ón ealaíontóir Philip Toleda le lucht féachana ar leibhéal an-phearsanta, agus an t-ábhar ag plé le bunphrionsabail na beatha, agus sa seó Samhraidh *Naked Truth [An Fhirinne Lom]* rinneadh iniúchadh ar smaointe a bhaineann leis an ionadaíocht san ealaín síos na haoiseanna inar bailíodh 80 saothar ó bhailiúcháin phríobháideacha agus phoiblí le chéile.

In *Earth, Wind and Fire* rinneadh sárthaispeántas den tallann uathúil atá ar fáil sa réigiún áitiúil ina raibh saothar sheisear ealaíontóirí Éireannacha le brath déanta i meáin éagsúla agus ar scálaí difriúla.

Rinneamar aird ar leith a tharraingt ar an tsraith de *phictiúir uiscédhathanna de chuid Harry Clarke* dár gcuid agus cuireadh tús le hobair chaomhantais ar ár mbailiúchán uathúil Canova chun tacú leis an tionscadal *Re Casting Canova*.

Sa Taispeántas Bailiúcháin *Heroes agus Villains [Laochra agus Bithiúnaigh]* cuireadh inste scéil nua chun cinn leis an mbailiúchán agus tugadh tacaíocht don lucht féachana rochtain a fháil ar chuid mhaith de na saothair is tábhachtaí atá againn. Tá an comhoibriú ag croílár Dhánlann Crawford

agus mar gheall ar chomhpháirtíocht nua le Scoil Cheoil CIT cuireadh ar ár gcumas tallann na Scoile a chur i láthair sa Dhánlann ar an gcéad Domhnach den mhí.

Cuireadh cainteanna, drámaí, léirithe agus léachtaí ar siúl i spásanna an Ghailearaí mar chuid de thionscadal comhoibrioch i gcomhar le Féile Chorcaí Lá 'le Eoin lenar cuireadh meoin nua ar na saothair atá againn ar fáil.

Sa chlár Learn and Explore [Bí ag Foghlaim Is ag Fiosrú] tugadh ceardlanna, cainteanna agus cláir le chéile chun léargais úra a chruthú agus chun dul i ngleic leis na léargais atá ann cheanna féin.

Tá Dánlann Crawford an-bhuíoch as an líon mór daoine a thug tacaíocht dúinn agus do na hoibrithe deonacha go léir, as ár n-ealaíontóirí agus ár gcomhpháirtithe pobail, as Cairde Dhánlann Crawford, as forais chultúir náisiúnta eile as ucht a dtreorach agus a dtacaíochta, as Fáilte Éirean as a chomhairle forbartha leanúnach agus a dtacaíocht, as Comhairle Cathrach Chorcaí agus go leor gnólachtaí atá lonnaithe sa réigiún as an ngealltanas nua atá tugtha acu go mbeidh Corcaigh ina chathair bheoga agus bhríomhar ar bhonn ar leith, agus as ár lucht féachana, ár bpátrúin agus ár maoinitheoirí chomh maith.

Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, go háirithe leis an Aire Josepha Madigan, leis an Ard-Rúnaí Katherine Licken, agus le Conor Falvey, Kevin Lonergan, Orlaith Gleeson agus Clare Pilkington lena mbímid ag obair chun dearbhú go mairfidh an Crawford ar bhonn inbhuanaithe amach anseo. Táimid thar a bheith buíoch freisin as maoiniú breise airgeadais na Roinne do thaispeántas Irish Nude [An Nocht in Éirinn], an Scéim Maoinithe Bailiúcháin Digitithe agus an ranníocaíocht i dtreo uasghrádú Chóras Rialaithe Comhshaoil an Ghailearaí.

Ba mhaith linn i nDánlann Crawford buíochas a ghabháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta as an méid a chuir siad le ceannachán *“The Village Funeral” [“Sochraid an tSráidbhaile”]* le Daniel McDonald, gur cuid luachmhar den bhailiúchán é.



Mar fhocal scoir, ba mhaith leis an bhfoireann aitheantas a thabhairt don tacaíocht ollmhór a thug a Chathaoirleach Rose Mc Hugh agus leis an mbord Stiúrthóirí chomh maith le comhaltaí na bhfochoiste as an treoir, an rialachas agus an tacaíocht a thug siad chun tacú le hathnuachan leanúnach Dhánlann Crawford.

Mary Mc Carthy
Stiúrthóir



BROLLACH

BUNÚ DLÍTHIÚIL

Rinneadh Bord Stiúrthóirí na cuideachta Dánlann Crawford a chlárú i mí na Samhna 2006 agus tháinig siad le chéile 6 huaire le linn na bliana 2018. Tá 11 comhalta ar an mbord, lena agus triúr daoibh a ainmníonn Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus BOO Chorcaí duine amháin daoibh faoi seach. Bíonn Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Chorcaí ceaptha mar chomhalta ex officio. Is í Norma Cuddihy, Ceannasaí na nOibríochtaí, rúnaí na cuideachta.

AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

Rose McHugh (Cathaoirleach)
Josephine Browne
Catherine Hammond
Karen Kelly
Frank Nyhan (a d'éirigh as, mí Mheán Fómhair 2018)
Gareth O'Callaghan
Barrie O'Connell
Ann Doherty
Susan McCarthy
Mary Hegarty
Tim Brosnan

FOCHOISTÍ

AIRGEADAS AGUS DLÍ

Ann Doherty (Cathaoirleach)
Frank Nyhan
Susan McCarthy
Martin O'Brien
Jim Corr

INIÚCHÓIREACHT & RIOSCA

Barrie O'Connell
(Cathaoirleach) Dave
Ronayne
Karen Kelly
Mary Hegarty

BEARTAS EALAÍON

Josephine Browne (Cathaoirleach)
Tim Brosnan
Catherine Feehily
Catherine Hammond
Gareth O'Callaghan
Vera Ryan

TÓGÁIL & FORBAIRT

Rose Mc Hugh (Cathaoirleach)
Gareth O'Callaghan
Denis Kirby
Barrie O'Connell
Ann Doherty
Jerry Carey



AN BAILIÚCHÁN BUAN

AN CLÁRAITHEOIR

Déanann oifig an Chláraitheora an clár iasachtaí isteach agus amach, a bhainistiú chomh maith le freagracht a glacadh as an gclárú bailiúcháin, aire a thabhairt don bhailiúchán, agus an bailiúchán ar líne a fhorbairt agus an bailiúchán a bhainistiú go ginearálta.

Ceannacháin

Fuair Dánlann Crawford 5 saothar ealaíne nua san iomlán in 2018, idir ceannacháin agus bronnánais agus tiomnachtaí ar tugadh go flaithiúil iad.

Janet Mullarney

Rishabadeva Again, 2010

Alúmanam, 95 x 75 x 128 cm

Tabhartas, 2018

Uimh. Cat. 3052

Janet Mullarney

Drawing from Memory, 2010

Adhmad agus graifít, 48 x 110 x 46 cm

Tabhartas, 2018

Uimh. Cat. 3053

Janet Mullarney

Reclining Nude, 2009

Alúmanam, 170 x 30 x 45 cm

Tabhartas, 2018

Uimh. Cat. 3054

Daniel MacDonald

The Village Funeral, [Sochraid an tSráidbhaile],

Pictiúr Ola ar chanbhás ón 19^ú hAois,

47.5 x 56 cm Ceannaithe, 2018

Uimh. Cat. 3051

Nigel Rolfe

Rolling Drawing, 1980

Grianghraf, 70 x 100 cm

Tabhartas, 2018

Uimh. Cat. 3055






CLÁR NA DTAISPEÁNTAS SEALADACH

Iasachtaí ó Dhánlann Crawford le Taispeántais Shealadacha

Don taispeántas, ***Eva International***, Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, Luimneach, an 14 Aibreán - an 8 Iúil 2018
CAG.308, Mainie Jellett, *Píosa Teibí-*
CAG.828, Mainie Jellett, *Píosa Teibí*
Don taispeántas, ***Signals of Change: Paintings from Crawford Art Gallery's Great Southern Collection [Comharthaí den Athrú: Pictiúir ó Bhailiúchán Mór an Deiscirt Dhánlann Crawford]***, Músaem Hunt, Luimneach, an 8 Meitheamh - an 2 Meán Fómhair 2018

CAG.2273, Patrick Scott, *Under the Pier [Thíos faoin gCé]*
CAG.2240, Nano Reid, *The Bottling Store [An Siopa Buidéalaithe]*
CAG.2254, Gerard Dillon, *Stunts [Éachtaí]*
CAG.2248, Daniel O' Neil, *Family [An Mhuintir]*
CAG.2267, Arthur Armstrong, *Table Top [Clár Boird]*
CAG.2255, Gerard Dillion, *Returning Islanders [Filleadh Mhuintir na n-Oileán]*
CAG.2256, Norah McGuinness, *A Quiet Place or Small Fields of Donegal [Áit Chiúin nó Faichí Beaga i nDún na nGall]*
CAG. 2283, Cecil King, *Intrusion [Cur Isteach]*
CAG.2241, Norah McGuinness, *Rathmullan Shores [Ar Bhruach Ráth Maoláin]*
CAG.2328, Donald Teskey, *Wind [An Ghaoth]*
CAG. 2245, Patrick Hickey, *Forests, Co. Wicklow [Coillte, Co. Chill Mhantáin]*
CAG.2257, Norah McGuinneas , *First Snow [An Chéad Sneachta]*
CAG.2326, Donald Teskey, *Three Walkers [Triúr Siúlóirí]*

CAG.2266, Arthur Armstrong, *Studio II [Stiúideo II]*
CAG.2323, Sara O'Driscoll, *Street Corner [Coirnéal Sráide]*
CAG.2268, Gerard Dillon, *Simple Facade [Facade Simplí]*
CAG.2260, Patrick Pye, *Upper Liffey Valley [Gleann na Life Uachtaraí]*
CAG.2325, Donald Teskey, *Working Day [An Lá Oibre]*
CAG.2332, Seamus Murphy, *Grainne [Gráinne]*
CAG.2233, Richard Kingston, *Canal [Canáil]*
CAG.2253, Elizabeth Rivers, *The Proposal [An Togra]*
CAG.2261, Noel Sheridan, *Abstract [Teibí]*
CAG.2242, Norah McGuinness, *Seaweed Shapes [Cruthanna san Fheamainn]*
CAG.2249, Daniel O'Neill, *The Way Home [An Bealach Abhaile]*
CAG.2232, Maurice MacGonigal, *George Moore's Garden [Gairdin George Moore]*
CAG.2329, George K. Gillespie, *Lakes and Mountain Landscape [Tírdhreach Lochanna agus Sléibhe]*
CAG.2327, Donald Teskey, *Green Street [Sráid na Faiche]*
CAG.2239, Gerard Dillon, *Abstract [Teibí]*
CAG.2252, Norah McGuinness, *River to the Sea [Abhainn Síos go dtí an Fharraige]*
CAG.2235, Patrick Collins, *The Bog Pool [An Linn Mhóna]*
CAG.2324, Donald Teskey, *Silent Passage [Aistir Shuaimhneach]*
CAG.2269, Arthur Armstrong, *Spanish Still Life [Ábhar Neamhbheo Spáinneach]*
CAG.2238, Camille Souter, *Acaill*



CLÁR NA DTAISPEÁNTAS SEALADACH

Chun na **Roinne Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta**, Cill Airne, an 24 Deireadh Fómhair 2018 - 19 Meán Fómhair 2019

CAG.2270, Nano Reid, *River Edge [Bruach na hAbhann]*

CAG.2262, Anne Yeats, *Eggs in a Basket [Uibheacha i gCiseán]*

CAG.2256, Norah McGuinness, *A Quiet Place or Small Fields of Donegal [Áit Chiúin nó Faichí Beaga i nDún na nGall]*

CAG.2269, Arthur Armstrong, *Spanish Still Life [Ábhar Neamhbheo Spáinneach]*,

CAG. 2245, Patrick Hickey, *Forests, Co. Wicklow [Coillte, Co. Chill Mhantáin]*,

CAG.2233, Richard Kingston, *Canal [Canáil]*

CAG.2253, Elizabeth Rivers, *The Proposal [An Togra]*

CAG.2232, Maurice MacGonigal, *George Moore's Garden [Gairdín George Moore]*

CAG.2239, Gerard Dillon, *Abstract*

CAG.2235, Patrick Collins, *The Bog Pool*

CAG.2324, Donald Teskey, *Silent Passage*

Leis an taispeántas, **Mary Swanzy: Voyages**, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Baile Átha Cliath, an 25 Deireadh Fómhair 2018 – an 17 Feabhra 2019

CAG.2773, Mary Swanzy, *Samoan Scene [Radharc ó Shamó]*

CAG.116, Mary Swanzy, *Swans [Ealaí]*

Chun **Oifig Ardmhéara Chorcaí**, Halla na Cathrach, Corcaigh, an 24 Iúil 2018 - an 31 Bealtaine 2019

CAG.2043, Diarmuid O Ceallachain, *Dripsey Castle [Caisleán na Druipsí]*

CAG.1491, Robert Atkinson, *Steamship Race Leaving Cork Harbour [Rás Long Ghoile ag Fágáil Cuan Chorcaí]*

CAG.168, Patrick Collins, *Wood Island Lough Gill [Oileán na Coille Loch Gile]*

CAG.612, Evelyn Street, *West Cork Landscape [Tírdhreach in Iarthar Chorcaí]*

CAG.2275, Anne Madden, *Burren Land [Tírdhreach sa Bhoirinn]*

CAG.2422, Seamus Murphy, *Jack Lynch*

CAG.683, Seamus Murphy, *Donal Ó Corcora (Daniel Corkery)*

CAG.2333, Seamus Murphy, *Deirdre na mBrón*

CAG.563, George Mounsey Wheatley Atkinson, *A Boating Party in Cork Harbour [Dream Bádóireachta i gCaladh Chorcaí]*

CAG.1837, George Mounsey Wheatley Atkinson, *A Frigate Being Wrecked off a Rocky Coast [Frigéad á Milleadh ar Chósta Carraigeach]*

CAG.1348, John O' Keeffe (luaite le), *Nano Nagle and Pupils [Nano Nagle in éineacht le Daltaí]*

CAG.2732, James Butler Brennan (luaite le), *Portrait of Fr. Theobald Matthew [Portráid den Athair Theobald Matthew]*

CLÁR NA DTAISPEÁNTAS SEALADACH

AN CAOMHNÚ

Caomhnú Péintéireachta

Tar éis an rath a bhí ar Intéirneacht Chaomhnaithe Chomhtháite Sheirbhísí Comhroinnte NGI-CAG-IMMA 2013-2014, rinneadh an cinneadh an clár caomhnaithe cónasctha seo a reáchtáil arís idir Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus Dánlann Crawford, a reáchtáil arís, agus tacaíocht ó Chomhairle Oidhreachta na hÉireann curtha leis. D'oibrigh an t-intéirneach caomhnúcháin ceaptha, Giulia Campagnari, ag Dánlann Crawford ar feadh tréimhse 4 mhí ag tús 2018. Le linn an ama sin, rinne Ms Campagnari measúnuithe fairsinge riocht agus mion-athchóiriú ar 13 phictiúr ó Bhailiúchán Dhánlann Crawford. Aistríodh trí phictiúr eile (John Lavery, *The Red Rose*, F.Mahony, *Boy with Blue Eyes* agus Sylvia Cooke Collis, *Festival Scene*) chuig Stiúideo Caomhnaithe Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le hathchóiriú iomlán a bheith déanta orthu ag Ms Campagnari faoi threoir Simone Mancini, Ceannasaí Caomhnaithe, Dánlann Náisiúnta na hÉireann.

Rinneadh cóireáil chaomhnaithe ar dhá phéintéireacht eile mar chuid de chlár caomhnaithe 2018 agus cuireadh fráma nua ar 5 shaothar ealaíne eile.



Caomhnú Dealbhóireachta

Bronnadh Deontas um Chúram a Thabhairt do Bhailiúcháin na Comhairle Oidhreachta ar Dhánlann Crawford in 2018. Mar gheall air seo, éascaíodh Eoghan Daltun, Sculpture Conservation Ltd. filleadh ar an obair ar an láthráin ag Dánlann Crawford ar feadh tréimhse 2 sheachtain. Dhírigh Eoghan Daltun ar 4 shaothar eile a athchóiriú agus a chaomhnú anuas ar bhailiúchán na nDealbha Canova a bhí sé chun déanamh cheana féin:

Uimh. Cat. 716, *The Belvedere Torso: Hercules [Cabhail Belvedere: Earcail]*

Uimh. Cat. 717, *Laocoon and his Sons [Laocoon agus a Mhic]*

Uimh. Cat. 916, Belvedere Apollo [*Apalló Belvedere*]

Uimh. Cat. 922, *Bust of a Female [Dealbh Bhrád Mná]*

Mar chuid den tionscadal seo chuir Eoghan Daltun tuairiscí maidir leis an riocht i ndáil leis an obair a bhí déanta agus thug sé caint poiblí sa Dhánlann le linn Sheachtain na hOidhreachta ar a chuid oibre sa chaomhnú dealbhóireachta.

An Ghrianghrafadóireacht

In 2017, bhronn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta deontas ar Dhánlann Crawford faoin Scéim Maoinithe um Bhailiúcháin Dhigitithe chun an bailiúchán a dhigitíú agus a dhoiciméadú. Cuireadh tús leis an tionscadal in Aibreán 2018 agus cuireadh i gcrích é i Meán Fómhair 2018. Glacadh grianghraf de 819 mír bailiúcháin agus fuarthas 1,183 íomhá sna formáidí JPEG, íomhá RAW agus TIFF.

Bailiúchán Ar Líne Dhánlann Crawford

Cuireadh an plean tionscadail don chéad thógáil de Bhailiúchán Crawford Ar Líne i bhfeidhm i mí Feabhra 2018. Beidh an bailiúchán ar líne, cumhachtaithe ag eMuseum Plus, nasctha le córas bainistíochta bailiúcháin na Dánlainne agus cuirfidh sé ardán inrochtana ar líne ar fáil lena mbeifear in ann mionscrúdú a dhéanamh a r bhailiúchán na Dánlainne.





BÍ AG FOGHLAIM IS AG FIOSRÚ

Tá an Clár Learn and Explore [Bí ag Foghlaim is ag Fiosrú] i gcroílár Dhánlann Crawford.

AIDHMEANNA:

- Chun an rannpháirtíocht agus an gníomhaíocht bhríoch a ghríosú le clár bailiúcháin agus taispeántais Crawford.
- Cláir éagsúla a thairiscint lena gcuirfear leis an mórtas ceantair don lucht féachana, chomh fada fairsing is gur féidir.
- Chun an smaointeoireacht chruthaitheach agus an gníomhú cruthaitheach a spreagadh.
- Chun nascadh samhlaíoch le foriomlán na dtionscnamh áitiúil agus náisiúnta, agus chun cur leis.

ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ Á dTREORÚ AG TAISPEÁNTAIS

Under the Goldie Fish

Tarraingíodh spéis mhór ar an taispeántas inar cuireadh tuairimí mhuintir Chorcaí in iúl ó ghrúpaí pobail áitiúla ar nós tuismitheoirí ó Scoil Náisiúnta Naomh Uinseann agus ó bhunscoil na Mainistreach Thuaidh agus a múinteoirí idirchaidrimh scoile a thug cuairt i mí na Nollag.

Threoraigh Tom Spalding turas gailearaí agus cathrach a raibh ardmholadh ag na rannpháirtithe air.

STONES, SLABS AGUS SEASCAPES [CLOCHA, LEACA AGUS MUIRDHREACHA]

George Victor Du Noyer

Mealladh líon fada cuairteoirí ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna teacht chun an sártaispeántas a fheiceáil.

I mí Eanáir agus mí Feabhra chuireamar leis an mbéim a bhí curtha againn ar naisc a chruthú le grúpaí leasmhara agus le hinstiúidí tríú leibhéal, iarracht lenar mealladh lucht féachana nua teacht chun an Dánlann.

Reáchtáladh ceardlann bhliantúil Chumann Geolaíochta Chorcaí sa Dhánlann i mí Feabhra. Thug Cumann Seandálaíochta COC cuairt ar an taispeántas. Ba í an chuairt a thug mic léinn ón 4ú bliain den BEES agus an Dr Eoin Lettice an chéad cheann dá leithéid, a bhfuil sé ar intinn againn gur comhoibriú leanúnach a bheidh i gceist amach anseo. Tá an Dr Lettice ag tabhairt isteach modúl faoi Amharcléirithe ar an Rialú Bitheolaíochta mar chuid de churaclam an chúrsa. Grúpa eile a bhfuil súil againn naisc a dhéanamh leis ná Club Stairiúil Mheánscoil na Mainistreach Thuaidh a thug cuairt ar an nDánlann den chéad uair i mí Eanáir. Thug Gillan Cussen blaiseadh den taispeántas do chaifé Alzheimer Naomh Fionnbarra agus é ag glacadh leis na léirithe físe, na hiontaisí agus an ábhar ealaíne a bhí aici chun seisiún teagmhálach a chur i gcrích mar chuid dár gclár Lonradh.

Heroes and Villains [Laochra agus Bithiúnaigh]

D'fhreastail lucht féachana 40/45 ar thuras lae Valentine faoi stiúir an Dr. Michael Waldron, bíodh sé maith nó olc. Tús maith a bhí ann le taispeántas a bhí lánach d'imeachtaí eile dála fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Chorcaí, Lá Náisiúnta na Líníochta (an 19 Bealtaine), Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir. Le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta, rinne Dánlann Crawford agus Cork Printmakers obair i gcomhar le chéile chun trí cheardlann phrionta mínealaíne a thairiscint, inar tugadh inspioráid ón taispeántas agus ina ndearnadh iniúchadh ar na haircitiopa de dhea-charachtair agus de dhroch-charachtair, agus ar an raon de charachtair éagsúla atá le fáil idir an dá thaobh fhoircneacha sin.

Féile Bhealtaine 2018

Chomh maith leis an gclár leanúnach seisiún seachtainiúil, in 2018 chuireamar tús le comhpháirtíocht i gcomhar le Age and Opportunity [An Aois agus an Seans] agus thugamar cuireadh don ealaíontóir Theresa Nanigian a cuid saothair féin a chur i láthair sa chaint, agus tagairt tugtha do shaothar Phillip Toledano mar phointe tagartha tosaigh.

2018

CORk

LIFELONG

LEARNING

FeSTiVal

Féile Foghlama Feadh an tSaoil Chorcaí

ALL FREE EVENTS

Cork Learning City

FREE PROGRAMME

Monday March 19th to Sunday March 25th

www.corklearningcity.ie • Tel 021 492 4527



Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireanneach]

Cuireadh clár leathan de chainteanna, turais, seisiúin líníochta agus imeachtaí ar siúl a ghabh leis an mórshuirbhé taispeántais seo.

Sheela-na-Gig 3D [Sheilagh-na-Gig 3T]

Thug Orla Peach Power caint phoiblí faoin tionscadal Sheilagh-na-Gig 3T.

I measc na gcainteanna ann eile bhí:

Caint le William Laffan ar ‘The Irish Nude from the eighteenth century until today’ [‘An Nocht Éireannach ón ochtú haois déag suas go dtí an lá atá inniu ann’]; Sean Kissane: ‘The visual construction of male identity in Ireland: politics, gender and sexuality’ [‘Tógáil amhairc féiniúlacht na bhfear in Éirinn: an pholaitíocht, an inscne agus an ghnéasacht’]; Dragana Jurisic agus Kate Antosik-Parsons: ‘Baring it All: The Threatening Female Nude in Contemporary Irish Art’ [‘É Uile a Chur ar Taispeáint: Bagairt na Mná Nocht san Ealaín Chomhaimseartha in Éirinn’] agus Brian Maguire agus Megan Eustace: ‘artist and model’ [‘an ealaíontóir agus an mainicín’]

Is cosúil go ndeachaigh na seisiúin líníochta nochta/beo a d’éascaigh an t-ealaíontóir Helle Helsner agus Megan Eustace i bhfeidhm ar shamhlaíocht an phobail. Bhí cuma iontach ar na tacais a bhí curtha suas sna Ghailearaithe Dealbhóireachta.

Vox Materia Alice Maher

Mar chuid den chlár bhí caint ealaíontóra, agus clár rannpháirtíochta domhain do mhic léinn Choláiste Crawford agus COC. Rethinking the contemporary body [Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcorpán sa lá atá inniu ann]: Ceardlann a ghabh le Vox Materia Alice Maher.

Bhí deireadh díolta le taibhríthe Vicky Langan i mí na Samhna níos tapa ná mar a bhí riamh go dtí sin.

Achoimre ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le féilte go príomha

Mar gheall ar an páirt atá glactha ag an Dánlann i bhféilte timpeall na cathrach agus timpeall na tíre, tá aitheantas bainte amach aici mar spás cathartha a bhfuil ról le himirt aici i dtionscnaimh cathrach agus náisiúnta.

Lá Fhéile Pádraig

Chuireamar fáilte roimh an gcéad dream de chuairteoirí riamh a tháinig chugainn ar Lá ‘le Patrick agus turas curtha ar siúl againn a bhí oiriúnach do theaghlaigh, Heroes and Villains [Laochra agus Bithiúnaigh] ina ndearnadh scrúdú ar théama an Téama Reiblíúnaigh agus an Frithsheasamhacht inar cuireadh ceardlann Paráid Reibiliúnach ar siúl inar iarradh ar an lucht féachana paráid de phuipéid laochra agus bithiúnach a chruthú.

Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Chorcaí 2018 Lá Náisiúnta na

Tarraingthe Seachtain

Oidhreacht 2018

Deireadh Fómhair Uirbeach 2018

Oíche Chultúir 2018 - an 21 Meán Fómhair

Rinne Dánlann Crawford roinnt ceardlann a raibh an-tóir orthu a óstáil i gcomhar le hAlan Corbett agus an Art Cart. Fuaireamar aiseolas iontach faoin turas neamhfhoirmiúil a rinne Tara Flynn ar Naked Truth [An Fhírinne Lom]; go háirithe, conas a chuir sé ar chumas na rannpháirtithe a bheith ceart go leor faoi ‘gan dóthain eolais a bheith acu ar na pictiúir a bhí ar taispeáint nó ar an ealaín i gcoitinne’. Bhí na taibhríthe córúla a rinne an Grúpa Córúil sin ó Chorcaigh, Serotones (foireann meabhairshláinte FSS, agus na húsáideoirí seirbhíse agus a gcairde) agus Choral Confusion (an chéad Chóir Chuimsitheach Pobail L.A.D.T in Éirinn) iontach tarraingteach agus chuir siad go mór leis an atmaisféar a bhí ann.

Na hEalaíona agus an tSláinte

Bhí Scrúdú Sláinte na nEalaíon 2018 ar siúl i nDánlann Crawford i mí Aibreáin. Bhí Gillian Cussen, a éascaíonn dhá cheann de na cláir Lonradh atá curtha ar siúl againn, i gceannas ar seisiún chun na seisiúin atá curtha ar siúl sa dhánlann agus atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

ACHOIMRE AR CHLÁIR AGUS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ AG LEANÚINT AR AGHAIDH

Pobail Chruthaitheacha an Ghleanntáin

Tionscadal atá i gceist ar thionscain Dánlann Crawford é agus arna thacú ag Comhairle Contae Chorcaí, Cúram Leanaí Wallaroo; an Tionscadal Sláinte Leanaí agus Teaghlaigh agus Ionad Paróiste an Ghleanntáin.

Tháinig an grúpa le chéile le grúpa tionscadail dá mhacasamhail ó Chloich na Coillte chun imeacht comhoibrithe a phleanáil le tionóil in 2018. Ba é an chéad gharspíoc mór ar baineadh amach ná tráthnóna den chur i láthair agus den ceiliúrtha in Ionad Ealaíon Sirius, an Cóbh i mí an Mhárta: Féile Inaistrithe. I mí Iúil, chuir Emma Klemencic agus Inge Doorslaer tionscadal páipéir i láthair ag Fóram Oideachais agus For-rochtana Chumann Mhúsaeim na hÉireann.

Cuireadh deireadh leis an tionscadal le cuireadh oscailte ar tugadh chun cuid den obair leanúnach a fheiceáil le linn seisiún buail isteach mar chuid de Sheachtain Oidhreacht 2018, Sharing Stories [Ag Insint Scéalta dá Chéile]

Bhíomar an-sásta leis an tacaíocht a fuarthas ón imeacht Creative Connections [Naisc Chruthaitheacha] agus leis an rath a bhí air chomh maith. D’fhreastail an tAire David Stanton ar an imeach agus thug sé cur amach faoin gclár seo againn agus faoin luach atá i gceist leis go poiblí agus go fonnmhar. Labhair Samra Usman, duine a bhí rannpháirteach sa chlár, faoi luach na seisiún agus faoin fhonn atá uirthi níos mó deiseanna dá leithéid a fháil.

Ócáid líonraithe a bhí i gceist leis an ócáid chomh maith, le haghaidh daoine ó ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí éagsúla chun saincheisteanna a phlé - m.sh. an rochtain agus an t-iompar - agus féidearthachtaí le bheith ag obair i gcomhar le chéile ar bhealach níos comhéifeachtúla.

Bronnadh duais don chatagóir Phobail de chuid dámhacht

Stiúideo Tacaithe Crawford

Bhí an stiúideo in ann fás mar gheall ar an gcomhpháirtíocht leanúnach atá ag leanúint ar aghaidh i gcomhar leis an Ealaíon sa Sláinte agus san Oideachas - Coláiste Ealaíne Crawford CIT agus le Comhairle Cathrach Chorcaí - hOifig na nEalaíon. Roghnaíodh 6 ealaíontóir - John Whelan, Tom O’Sullivan, Íde Ní Shúilleabháin, Ailbhe Barrett, Stephen Murray agus Angela Burchill don taispeántas Unhindered [Neamhbhacaithe] i gCill Chainnigh. Reáchtáladh dhá thaispeántas eile ag deireadh mhí na Samhna ag 46 Sráid an Chapaill Bhuí agus i mí na Nollag i gComharchumann na Cé, Corcaigh.

Na Cláir Lonradh

Leanadh ar aghaidh leis na cláir in 2018. Tá fás ag teacht faoin méid feasachta atá ann i measc na seirbhísí FSS agus tá faisnéis faoin na cláir atá againn ag scagadh tríd.

Clár Cuairteanna Treoraithe Leanúnacha

Chuir an Dánlann turais ar fáil atá oiriúnaithe go sonrach do réamhscoileanna, do choláistí, do ghrúpaí pobail agus do ghrúpaí turasóireachta. Cuireadh tús le turais threoraithe saor in aisce an tsamhradh i mí an Mheithimh. Bhí na turais ar siúl gach Satharn ag 2pm.



BÍ AG FOGHLAIM IS AG FIOSRÚ



Ranganna Ealaíne Leanúnacha do Dhaoine Óga
Stiúir ár n-ealaíontóirí / éascaitheoirí 90 seisiún in 2018. Bhí clár amháin dírithe ar an líníocht agus bhí an t-ábhar a bhí cuimhsithe sa dá chlár eile go fada leathan maidir leis na meáin agus na teicnící a bhain leo.

An Clár do Dhéagóirí atá ag leanúint ar aghaidh

Cuireadh cúrsa breise 10 seachtaine leis i mí Mheán Fómhair chun freastal ar an éileamh méadaithe a bhí ar ranganna ealaíne don aoisghrúpa seo. Bhí na ceithre chlár chomhlántacha dírithe ar conas punainn a ullmhú i Meán Fómhair agus Aibreán agus ar an bpéinteáil mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Ceardlanna Beochana Samhraidh

Tugann na ceardlanna beochana a bhfuil an-tóir orthu agus ró-éileamh, fiú, orthu, deis do pháistí an beochan tosaigh-stop a dhéanamh i dtrí champa ealaíne a bhíonn gach aon cheann díobh ar siúl ar feadh seachtain amháin.

An Club Déardaoín atá ag leanúint ar aghaidh

Is éard atá sa chlár seo atá oscailte do dhaoine fásta, ná turas agus caint, agus seisiún déanta ealaíne ina dhiaidh. Is ar an fionnachtain agus ar spraoi atá an bhéim curtha agus faoi láthair na huairé tá dhá chlár curtha ar siúl againn in aghaidh na bliana.

An Tionscnamh Fighting Words [Focail Throdacha]

Leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht atá curtha i mbun eadrainn agus an Tionscadal Graifítí Fighting Words Amharclann Chorcaí in 2018.

ACHOIMRE AR NA CLÁIR THRIALLACHA AGUS TAIGHDE

Éist Linn, Aonad na nOthar Cónaitheach Óg agus Ógánta Tar éis an Scrúdú Sláinte Ealaíon + in 2018 i nDánlann Crawford, chuaigh E. Murphy, teiripeoir ceirde le hÉist Linn, i dteagmháil linn agus é ag súil le comhoibriú a dhéanamh linn ar chlár dá gcónaitheoirí - daoine óga idir 13 agus 18 mbliana d'aois.

Bhí an clár píolótach sé seachtaine ar siúl thráthnónta Dé Céadaoin i rith an tsamhraidh. Is é an aidhm a bhí leis ná chun béim a tharraingt ar ghníomhaíochtaí eispéreasacha agus deiseanna don féin-léiriú agus ag an am céanna an Dánlann a dhéanamh inrochtanach do chách agus é a chur ar aghaidh mar ionad cathartha 'slán sábháilte'.

Cúrsaí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí

Arís i mbliana rinneamar cuairteanna agus turais a éascú do mhúinteoirí (agus d'ealaíontóirí) a ghlac páirt i gcúrsaí samhraidh ag Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí. Bhí an t-aiseolas a fuarthas an-dearfach ar fad agus tá súil againn go mbeidh cuid de na múinteoirí ag teacht ar ais ar chuairteanna den athuair níos déanaí i mbliana in éineacht lena mic léinn. Bhí ceann de na turais do na 20 rannpháirtí sa chomhpháirtíocht mhúinteora agus ealaíontóra i gcomhthéacs an rialtais. (<http://artsineducation.ie/en/2017/05/23/teacherartist-partnerships-summer-course-at-your-local-education-centre/>)

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DHÁNLANN CRAWFORD 2018

events

Drawing the Nude

Draw directly from life in the Sculpture Gallery in these sessions led by artist Helle Helsner. Suitable for all levels; beginners, improvers or practicing artists. Drawing materials and easels supplied.

Thursday 27 Sept 6.15pm – 7.45pm
Thursday 4 Oct 6.15pm – 7.45pm
Thursday 11 Oct 6.15pm – 7.45pm
Thursday 18 Oct 6.15pm – 7.45pm

Ticketed event and booking essential / places limited to 12
€5 per session
For booking: <https://www.eventbrite.ie/e/drawing-the-nude-sessions-tickets-47845463068>

Helle Helsner



Life Drawing in the Sculpture Gallery

Life drawing sessions with model led by artist Megan Eustace. Suitable for all levels; beginners, improvers or practicing artists. Drawing materials and easels supplied.

Sunday 7 Oct 2pm – 3.30pm
Sunday 14 Oct 2pm – 3.30pm
Sunday 21 Oct 2pm – 3.30pm

No booking necessary / Free event

Megan Eustace



naked truth

crawford art gallery cork
áiléar crawford chorcaigh

Emmet Place, Cork,
Ireland T12 TNE6

www.crawfordartgallery.ie

FUNDED BY
An tOireas
Cultúr, Ealaíne agus Spóirt
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

culture
night

Friday 21 September

A tongue in cheek tour of the
exhibition. Over 18 only.
More info on our website
www.crawfordartgallery.ie



learn &
explore
PROGRAMME

naked
truth

The Nude in Irish Art

Friday 13 July – Sunday 28 October 2018



CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD

Sraith Cainteanna 2018

Eagraíodh 14 léacht ar réimse leathan de thopaicí do chomhaltaí i rith na bliana le tinreamh de idir 20 agus 85 duine ar gach aon cheann díobh. Ba i Léachtlan na Dánlainne ar cuireadh na cainteanna ar siúl.

Sraith Cainteanna an Earraigh (5 imeacht)

- 'Heroes & Villains' ['Laochra & Bithiúnaigh'] leis an Dr Michael Waldron
- 'Harry Clarke - Tale of Two Churches' ['Harry Clarke - Scéal Dhá Eaglais'] le Patricia Curtain Kelly
- 'Her dairy, her calves & her homespun linen'; 'Women in the Irish farm kitchen,
- an interdisciplinary view. 1740-1940' ['A feirm déiríochta, a laonna agus a línéadach tídeanta'; 'Mná i gcistin feirme na hÉireann, dearcadh idirdhisciplíneach. 1740-1940'] leis an Dr Claudia Kinmonth
- 'Selfie: The National Self-Portrait Collection of Ireland' ['An Féinín: Baillúchán Náisiúnta na hÉireann d'Fhéin-Portráid] le William Gallagher
- 'The Burning of Cork' ['Loscadh Chorcaí'] le Gerry White

Sraith Cainteanna an Fhómhair (6 imeacht)

- 'Saints and Sinners: Women in the Mauritshuis' ['Naomha agus Peacaigh: Mná sa Muiritshuis'] le Jane Choy
- 'Vox Materia and Naked Truth' ['Vox Materia agus an Lomfhírinne'] leis an Dr Michael Waldron
- 'Stained Glass Windows of North Cork' ['Fuinneoga Gloine Daite i dTuaisceart Chorcaí'] le Vera Ryan
- 'Robert Flaherty and Man of Aran' ['Robert Flaherty agus an scannán "Man of Aran"] le hÉimear O'Connor
- 'Old Friends and Overlooked Necessities: The design of Cork's street furniture' ['Seanchairde agus Riachtanais a bhfuil Dearmad Déanta orthu: Dearadh troscán sráide Chorcaí'] le Tom Spalding
- 'Mission and Vision' ['Misean agus Fís'] le Mary McCarthy, Stiúrthóir Dhánlann Crawford.

Imeachtaí eisiacha atá saor in aisce do chomhaltaí in 2018

- 'Great Aunt Jane - A Family Perspective' [Seanaintín Jane - Dearcadh Muinteartha] le Caroline Jane Knight, cúigiú iar-neacht Jane Austen
- 'Emil Nolde \ Colour is Life' ['Emil Nolde \ Is ionann an le Shane Morrissey (ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann)]

Turais phríobháideacha de na taispeántais do na cairde

Bhain na cairde an-taitneamh as an 'Turas agus Tae' príobháideach a tharla san Earrach agus san Fhómhar, turais phríobháideacha sa chúlra ar thaispeántais nua atá i gceist leis seo, faoi stiúir an Dr Michael Waldron. Áiríodh orthu siúd 'Heroes and Villains' ['Laochra agus Bithiúnaigh'], saothair ó bhailiúchán Earraigh Crawford agus léargas eisiach ar an bpróiseas coimeádaithe taobh thiar de na taispeántais 'Vox Materia' agus 'Naked Truth' ['An Fhírinne Lom'], san Fhómhar.

D'eagraigh Dánlann Crawford réamhamharc príobháideach ar 'The Naked Truth - The Nude in Irish Art' Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireannach] do chomhaltaí de chuid na Cairde. Bhain na Cairde taitneamh as an turas réamhamhairc, na sólaistí agus an fhocal tosaigh ó Dee Forbes - Ard-Stiúrthóir RTÉ, chomh maith leis na cainteanna ó na choimeádaithe William Laffan agus Dawn Williams ina dhiaidh.

Turais Lae

D'eagraigh na Cairde 4 thuras lae ar thithe, garraí, músaem agus ar dhánlanna agus tinreamh d'idir 6 agus 24 duine ar na turais sin. Bhí éagsúlacht i gceist leis na turais a bhí ar siúl in 2018 inar tugadh deis do na bail taitneamh a bhaint as saothair ealaíne agus as an gcultúr sa cheantar áitiúil agus ar fud na tíre chomh maith.



CAIRDE DHÁNLANN CRAWFORD



Ina measc sin, áirítear:

- Turas lae dár gcairde go dtí Baile Átha Cliath: ‘Emil Nolde \ Colour is Life’ [‘Emil Nolde \ Is ionann an Dath agus an Saol’] sa Dánlann Náisiúnta in mBaile Átha Cliath.
- Turas treoraithe go dtí Plás Nano Nagle i gCorcaigh.
- Turas lae go dtí Abbey Glass Studios, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath an ghnólacht a rinne athchóiriú ar fhuinneoga gloine dhaite Harry Clarke tar éis dóiteáin a tharla in Ardeaglais Naomh Mel, sa Longfort in 2009.
- Turas lae go dtí an Sciobairín le haghaidh ‘Coming Home: Art and the Great Hunger’ [‘Ag Dul Abhaile: An Ealaín agus an Gorta Mór’].

AISTIR OÍCHE AN tSAMHRAIDH

Turas thar oíche sa Longfort.

- Turas timpeall ar Ardeaglais Naomh Mel, an Longfort inar féachadh ar dhá fhuinneog ghloine dhaite ó Stiúideo Harry Clarke.
- Cuairt ar Chaisleán Tullynally, Co. na hIarmhí lenar cuimsíodh turas treoraithe ar an gCaisleán agus turas pearsanta ar na gairdíní fairsinge ann leis an Tiarna Thomas Pakenham, an 8ú Iarla Longfoirt.

Saoire Bhliantúil

- Bhain na Cairde taitneamh as a saoire bhliantúil: Ealaín & Stair Nice & an Côte d’Azur lenar cuimsíodh:
- Turas ar Musée Renoir, Fondation Maeght, Chapelle du Rosaire, Musée des Beaux Arts, Eileen Grays Villa E-1027, Musée Marc Chagall, Musée Matisse & Villa agus Gairdíní Ephrussi de Rothschild.

Comóradh 30 Bliain

Rinne na Cairde ceiliúradh ar an gComóradh 30 bliain féilteúil i mí na Nollag 2018. Ba iad na buaicphointí den gcomóradh an fáiltiú i Seomra Fada Crawford ina raibh ceadal cláirseach, caint leis an Dr Michael Waldron & aoichainteoirí chomh maith le raifil le haghaidh duaiseanna urraithe. Le Suipéar 3 chúrsa don Nollag d’earraí bia a fhásann ag an am sin den bhliain sa cheantar áitiúil i gCaifé Dhánlann Crawford, inar ól na Cairde sláinte don 30 bliain den Chairdeas a bheith ann.

Cuntais Bhliantúla

Déanann Kevin O’Connell & Co., Cuntasóirí agus Iniúchóirí Cláraithe, 1, Time Square, Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí, Cuntais Chairde Dhánlann Crawford a dheimhniú gach bliain.

Ballraíocht

Bhí 252 chomhalta sna Cairde amhail an 31 Nollaig 2018, lena n-áirítear 70 comhalta a raibh Ballraíocht Saoil acu.

Ag druidim isteach le deireadh na bliana, bhí spéis athnuaite suntasach sa bhallraíocht agus daoine níos óige dá baint amach, rud atá léirithe sa líon mór mac léinn óg atá ag freastal sna léachtaí chomh maith. Rinneadh straitéisí a fhorbairt le haghaidh na meáin sóisialta, chun cur le comórtas na gCairde ar Facebook, Twitter agus ardáin eile.

Riarachán

Sinéad Dineen & Michelle Whelan





CAIFÉ DHÁNLANN CRAWFORD

Tá Caifé Dhánlann Crawford suite ar an mbealach isteach ar cheann de na sainchomharthaí cultúrtha agus stairiúla náisiúnta de chuid Chathair Chorcaí, agus is fíor-thearmann atá ann, agus é suite ar an tairseach idir plás bríomhar i lár na cathrach agus dánlann na cathrach atá mar chocún den suaimhneas.

Tá an t-atmaisféar sa chaifé neamhfhoirmiúil agus modúil araon, ach fós féin tá blaiseadh den bhistro uirbeach galánta ann. Toin íslithe; spás éadrom, aerach; agus saothair ealaíne ann a athraíonn go rialta lena dtarraingítear atmaisféar na dánlainne sa chaifé. Tá potaí móra den bhalsam a bhfuil boladh gheranium milis líomóide air ag seasamh go deas compordach sna fuinneoga doimhne, agus tá spás ar leith cruthaithe ann leis an meascán den phoircealláin chnámh mín agus cathaoireacha bistro athchóirithe.

Is láthair iontach é chun bualadh le daoine i gcroílár na cathrach, agus is iomaí ócáid cheiliúrtha teaghligh i gCorcaigh a rinneadh é a cheiliúradh sa Crawford - póstaí, breithlaethanta, agus fiú gealltanais phósta. Idir mná Chorcaí, mic léinn ealaíon faiseanta, an lucht gnó gairmiúil, agus turasóirí, tá rud ar fáil do gach éinne sa chaifé - spás cruthaitheach chun taibhreamh na súl oscailte a dhéanamh thar cupán caife; an áit foirfe le haghaidh an tae bheag; nó áit ar leith chun lón a fháil.

Téann stair Chaifé Crawford siar go dtí 1986 nuair a d'oscail Mrytle Allen agus a hiníon Fern na doirse den chéad uair. Leantar leis go bhfuil éiteas Ballymaloe - an bia is fearr a réiteach ar bhealach simplí agus iontach - taobh thiar de gach rud a dhéantar sa chaife mar atá sé sa lá atá inniu ann. Na laethanta seo, ar ndóigh, ullmhaítear an roghchlár go léir go himmheánach faoin súil shaineolach atá ag Sinead Doran.

In 2017, cuireadh The Garden Café [Caifé an Ghairdín] le haghaidh greimeanna bia i dtailte na Dánlainne, rud atá tar éis éirí go geal leis agus a bhfuil na cuairteoirí an-sásta ar fad faoi go bhfuil sé ann.

‘Más rud é gur greim bia níos éadroime arís, fiú, atá á lorg agat, tá an bia bácála bhaile ann an-mhealltanach ar fad - agus cé gur le haghaidh an lón a théann a lán de mhuintir Chorcaí ann, is cuid de dhlúth agus d’inneach Chorcaí é an bricfeasta ann, de réir a chéile.’
Georgina Campbell

‘Tá an seomra aerach seo ina bhfuil síleálacha agus fuinneoga arda ann ar cheann de na háiteanna is fearr le hithe gurb eol dom é agus is cineál seomra comónta é - is beag nach club é, fiú, i ndáiríre - le haghaidh daoine cosúil linn, a bhíonn ag tiomáint ar feadh uair an chloig nó níos mó chun siopadóireacht a dhéanamh san Fhíor-phríomhchathair. Agus tá go leor daoine géarchúiseacha le fáil i gCorcaigh, go deimhin.’
Tom Doorley
Evoke.ie Eanáir 2016

‘Trí chúrsa agus trí chúrsa foirfe leis, curtha ar fáil dom ag foireann iontach i gceann de na seomraí is gleoite agus is gile atá le fáil sa chathair. B’fhéidir gurb é an Crawford an seanleaid atá ar an bhfód le fada an lá, ach más mar sin atá sé, tá cócaireacht Bean Doran mar an ngearrchach breá úr ann.’
John McKenna
Treoracha John agus Sally McKenna 2015



Chuir Dánlann Crawford raon an-suntasach de thaispeántais ar siúl in 2018, agus leanadh ar aghaidh ann taispeántais a chur le chéile atá suntasach ar bhonn idirnáisiúnta, a bhfuil tionchar acu ar an gceantar áitiúil agus ar an tír iomlán agus a thaitníonn le raon fairsing de chineálacha lucht féachana éagsúla. I measc na dtaispeántas is mó cor cinniúnach, bhí **Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireanneach]; Philip Toledano: Maybe: Life & Love [B'fhéidir: an Saol & an Grá]** agus **There is no thing her but much else [Níl aon rud ann, ise amháin, agus beagán eile]: Scannáin Brian O 'Doherty / Patrick Ireland.**

Leanadh ar aghaidh le hobair comhpháirtíochta i gcomhar le hinstitiúidí bunaithe in Éirinn a bheith ag fás laistigh de thaispeántais agus de thionscadail uailmhianacha a chuimsigh an tionscadal ceannródaíoch **One, Here, Now: Brian O 'Doherty / Patrick Ireland** faoi stiúir Miranda Driscoll agus an Ionad Ealaíon Sirius an Chóibh agus **Alice Maher Vox Materia** - a ndearna an tIonad Ealaíon Source agus Tionscadail Pluck é a choimisiúnú chomh maith le bheith mar chomhpháirtí ina leith. Lean an Gailearaí ar aghaidh leis na chomhpháirtíocht fhuinniúil atá aici i gcomhar le Féile Lá 'le Eoin i gCorcaigh chun roinnt imeachtaí a chur ar fáil lena n-áirítear an taispeántas **Stampa Ora / Print Now!**; **City of Ideas Talks Programme, Crosstown Drift** agus an drámaíocht sin ar léirigh **Gaitkrash é England: A Play Written for a Gallery** le Tim Crouch a raibh Regina Crowley agus Frank Prendergast mar an fhoireann aistreoirí ann in éineacht leis an ealaíontóir fuaimne Mick O 'Shea. Lorgaíodh iarratais ar iasachtaí ó roinnt iasachtóirí, agus fuarthas roinnt mhaith díobh, rud a táimid buíoch as, ó iasachtóirí lena n-áirítear TATE, IMMA, Músaem Uladh, Gailearaí Butler, Dánlann Chathair Luimnigh, chomh maith leis an iliomad ealaíontóirí flaithiúla agus iasachtóirí príobháideacha a chuir ar chumas na Dánlainne taispeántais a chur i mbun le linn 2018 ina bhfuil an uailmhian idirnáisiúnta agus an ábharthacht áitiúil le brath.

As na cúig cinn déag de thaispeántais agus de thionscadail a ndearna Dánlann Crawford iad a thionscain, a tháirgeadh nó páirt comhoibriúcháin a ghlacadh iontu i rith 2018, bhí trí cinn díobh ann a raibh ag leanúint ar aghaidh ón mbliain a bhí ann roimhe sin: **Stones, Slabs and Seascapes: George Victor du Noyer's Images of Ireland [Clocha, Leaca agus Muirdhreacha: Íomhánna d'Éirinn de chuid George Victor du Noyer]**

agus taispeántais ina ndearnadh scrúdú ar chathair Chorcaí **Under the Goldie Fish** agus **Heroes and Villains [Laochra agus Bithiúnaigh]** ina ndearnadh iniúchadh ar na haircítíopa de dhea-charachtair agus de dhroch-charachtair, agus ar an raon de charactair atá le fáil idir an dá thaobh fhoircneacha sin. Mar chuid dá straitéis chun dul i bhfeidhm ar lucht féachana níos leithne ó thaobh na geografacha de, chuaigh an Domestic Godless ar chamcuairt ar chúig ionad chomhpháirteacha breise in 2018, tar éis dóibh an chéad taispeántas agus cónaitheacht trí seachtaine a chríochnú sa Dánlann i mí na Samhna 2017.

In **There is no thing here but much else [Níl aon rud anseo ach neart eile]**, rinneadh scrúdú ar an ról a bhí ag an scannánaíocht i ngairm an ealaíontóra Éireannaigh, Brian O 'Doherty, atá lonnaithe i Nua-Eabhrac (ar a dtugtaí **Patrick Ireland [Patrick ó Éirinn]** ó 1972-2008). D'fhág O'Doherty Éire sa bhliain 1957 agus tháinig sé chun rath domhanda air mar dhuine de na pearsanra ceannródaíocha sa ghluaisceacht ealaíne coincheapúla i Nua-Eabhrac sna 1960idí trína chleachtas ilghnéitheach mar amharcealaíontóir, scríbhneoir, léirmheastóir agus úrscéalaí. Tá cáil ar 'Doherty' freisin as an téacs ceannródaíoch ar scríobh sé - *Inside of the White Cube*. Ar na scannáin a bhí ann, áirítear *Hopper's Silence* (1981), *Lament for Patrick Ireland* (1990), an tsraith *Invitation to Art* agus scannáin ó bhailiúchán pearsanta an ealaíontóra féin.

Cuireadh an clár léirithe trí mhí i láthair i gcomhpháirtíocht leis an gclár uailmhianach bliana de chuid Láirionad Ealaíon Sirius *One, Here, Now*, lena bhfuiltear ag ceiliúradh saothaor Brian O'Doherty/Patrick Ireland agus athchóiriú na saothar ealaíne ag a bhfuil an t-ainm céanna, atá á choimeád go deas rúnach i bhfoirgneamh Ionad Ealaíon Sirius. In 1996, rinne an t-ealaíontóir Éireannach atá lonnaithe i Nua-Eabhrac, Brian O 'Doherty (Patrick Ireland) sraith de mhúrmhaisithe ar scála mór i nGailearaí an Ionaid in Ionad Ealaíon Sirius sa Chóibh, Co. Chorcaí. Clúdaíodh iad le péint ina dhiaidh sin, agus is mar sin atá siad fós sa lá atá inniu ann, clúdaithe faoi bhrat den phéint eibleachta bhán le breis is fiche bliain anuas. Rinneadh na múrphictiúir seo a nochadh go sealadach mar chuid den tionscadal uailmhianach seo i mí Aibreáin 2018, mar aon le sraith de thionscadail comhoibriúcháin, saothair ealaíne a coimisiúnaíodh go



TUARASCÁIL 2018 AR NA TAISPEÁNTAIS



speisialta, cumadóireachtaí ceoil, ócáidí cur i láthair agus cainteanna chun na sothair Éireannacha thábhachtacha seo a cheiliúradh, chun scrúdú a dhéanamh orthu den athuair agus, níos tábhachtaí ná sin uile fiú, chun iad a chaomhnú. Bhí áthas an domhain orainn i nDánlann Crawford páirt a ghlacadh i gcomhar le hIonad Ealaíne Sirius agus le Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT chun dhá phríomh-sheimineár a óstáil i mí na Bealtaine agus i mí Mheán Fómhair, inar cuireadh fáilte roimh chainteoirí a bhfuil cáil dhomhanda orthu agus **Alexander Alberro, Alanna Heiss, Stephen Vitiello** agus **Brian O 'Doherty** ina measc, chomh maith leis na cleachtóirí Éireannacha **Mel Mercier, Liz Roche, Allannah O'Kelly**, agus **Robert Ballagh** agus na coimeádaithe agus scríbhneoirí **Declan Long, Ciarán Benson, Brenda Moore McCann, Georgina Jackson, Caoimhín Mac Giolla Leith** agus **Christina Kennedy**.

In **Maybe Life & Love**, tugadh dhá shaothar lárnacha de chuid an ealaíontóir sin atá lonnaithe i Nua-Eabhrac, **Phillip Toledano, Days with my Father [Sealanna i gcuideachta m'athar]** (2010) agus **Maybe [B'fhéidir]** (2015), inar baineadh amach cothromaíocht idir an tionchar mothúchánach a raibh air agus néaltrú ar a athair agus an scrúdú dú-ghafa a bhí á dhéanamh aige féin ar na féidearthachtaí a bhí ann dá shaol féin.

Tá cur síos tochtmhar déanta in *Days with my Father*, agus sna téacsanna a ghabhann leis, ar an néaltrú a raibh ar a athar. Baineann sé tairbhe as an gceamara chun gaol nua a chruthú idir é féin agus a athar agus, trí amhlaidh a dhéanamh, tagann sé ar bhealach chun an néaltrú atá ar a athair a chur in iúl agus chun déileáil leis ina shaol féin. Tar éis dó roinnt daoine muinteartha leis a chailliúint laistigh de thréimhse cúpla bliain, bhí Toledano á ite le smaointe den bhás, rud a bhain aird a intinn de go huile is go hiomlán. Thar thréimhse trí bliana (2012-2015), chruthaigh sé *Maybe [B'fhéidir]* inar thug sé aghaidh ar na cúiseanna imní sin, agus blaiseadh beag den naircisiócht leis, chun cuidiú leis, b'fhéidir.

Ghlac an pobal go dearfach leis an taispeántas inar tugadh deis do chuairteoirí iniúchadh agus plé a dhéanamh ar an spéis agus an déistin a bhaineann atá againn de bhunaidh i dtaobh ár dtodhchaí féin a shamhlú. Sholáthair Toledano ardán sábháilte agus fáilteach chun an t-ábhar sin gur minic a bhíonn sé deacair go leor é a phlé faoina bheith ag dul in aois agus ag fáil bháis, agus dúirt go leor cuairteoirí gur tugadh solás agus athshondas dóibh sa taispeántas de shaothar Philip Toledano agus iad ag caint faoina saol pearsanta.

Bhí áthas orainn i nDánlann Crawford comhoibriú a dhéanamh le Féile Lá 'le Eoin Chorcaí agus le Cork Printmakers, maidir leis an cur i láthair 24 ealaíontóir ó Cork Printmakers agus ó Chumann Náisiúnta Éalaitheoirí Comhaimseartha na hIodáile. Anne Hodge, Coimeádaí na bPriontaí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, a rinne é a choimeád agus i measc na healaíontóirí a bhí ann, áirítear **Fiona Kelly, Seán Hanrahan, David Lilburn, Johnny Bugle, Gianna Bentivenga, Elisabetta Diamanti** agus **Calisto Gritti**. Cuireadh an taispeántas ar camchuairt freisin chuig Ionad Ealaíon Garter Lanes, Villa Benzi Zecchini, Treviso, agus Università degli Studi di Sassari (Leabharlann na hOllscoile), an tSairdín.

D'éirigh leis an t-ealaíontóir mór le rá **Alice Maher** tuilleadh tionscadail chomhoibrithe a chur i gcrích sa taispeántas **Vox Material**. Ag eascairt ón machnamh a rinne Maher ar dhealbh ón 12ú hAois de mhaighdean mara a bhí ag fáil bháis, déantar machnamh sa seó seo ar an nguth agus ar an gciúnas, ar an teanga, ar an gcoirpeacht, ar an ngíomhaireacht agus an neamhspleáchas. Is éard a bhí sa taispeántas ná suiteáil ilchodach den dealbhóireach, saothair déanta ar pháipéar agus saothair le haghaidh an scannán léirithe faoi Dhánlann Crawford, *Cassandra's Necklace* (2012). Rinne The Source Arts Centre i nDurlas an taispeántas a choimisiúnú, a bhí á choimeád ag Pluck Projects, agus Anne Boddaert ag déanamh an bainistíocht tionscadail air, le tacaíocht ó Dhánlann Crawford, Éire Ildánach,

TUARASCÁIL 2018 AR NA TAISPEÁNTAIS

Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Gailearaí Ealaíne Garter Lane. Cuireadh tús le camchuairt cúig ionad an taispeántais **The Domestic Godless: the Food, the Bad & the Ugly** arna choimisiúnú ag Dánlann Crawford é agus a bhfuil tacaíocht faighte leis ón Ghradam Camchuairte agus Scaipthe Saothair de chuid Chomhairle Ealaíon na hÉireann, tar éis an tréimhse chónaitheachta trí seachtaine agus taispeántais a bhí aige sa Dánlann i mí na Samhna 2017. Tá cúig bliana déag caite ag The Domestic Godless – na healaíontóirí **Stephen Brandes, Irene Murphy** agus **Mick O'Shea** – a bheith ag baint úsáide as bia mar mheán agus mar choincheap chun iniúchadh a dhéanamh ar an amharc-ealaín nua-aimseartha agus ar cheisteanna cultúrtha agus sóisialta níos leithne ó mheon atá greannmhar ar bhealach ar leith. Le cistin saintógtha a chruthú san áil ear uachtarach, chuir na healaíontóirí taispeántais amhairc ilmheánach, taispeantáin dealbhóireachta ainrialta agus mór-ócáidí blaiste bia ar fáil do na cuairteoirí. Bhí an turas a bhí ar siúl ó mhí na Bealtaine go dtí mí Lúnasa ar chamchuairt in ionaid chomhpháirtíochta dála Ionad Ealaíon Solstice [an Ghrianstaid], Ionad Ealaíon Uillinn, Teach na mBocht i gCallainn, Ionad Cultúrtha Réigiúnach Leitir Ceanainn agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe maoinithe go páirteach faoin Scéim Camchuairte agus Scaipthe Saothar de chuid Chomhairle Ealaíon na hÉireann.

I rith 2018, rinne Anne Boddaert agus an Dr Michael Waldron coimeádaíocht ar an taispeántas suimiúil sin a bhí dírithe ar an teaghlach **Heroes and Villains [Laochra agus Bithiúnaigh]** ina ndearnadh iniúchadh ar na haircítíopa de dhea-charachtair agus de dhroch-charachtair, agus ar an raon de charachtair atá le fáil idir an dá thaobh fhoircneacha sin - i saothair atá sa bhailiúchán, idir iadsan a bhfuil aithne mhaith ag daoine orthu agus iadsan nach dtugtar mórán aird dóibh, araon. Sa taispeántas breá leathan seo de phictiúir ola ón ochtú haois déag agus de phriontaí sealadacha, a bhí curtha i láthair i meáin éagsúla, d'éirigh linn éiteas na Dánlainne in iúl go paiteanta mar meascán breá de shaothair chomhaimseartha agus stairiúla araon. Mar gheall ar an ngné eicléictiúil a bhain leis na hoibreacha a bhí á dtaispeáint, agus saothair ann ó ealaíontóirí leithéidí **Pablo Picasso, Suzanna Chan,**

Seán Keating, Rita Duffy agus **Daniel Maclise**, tugadh fáilte don lucht féachana an mhaith agus an t-olc a scrúdú agus smaoineamh ar cad é an teorainn eatarthu. Tugadh léargas don ról mór atá ag greannáin mar ghné den chultúr comhaimseartha ina gcuirtear na Laochra agus Bithiúnaigh in iúl go rialta, agus 'Caibinéid Taispeántais Greannán' nó 'gailearaí na mbithiúnach' agus tús áite tugtha d'ealaíontóirí Éireannacha ann, leithéidí **Alice Coleman, Keith Kennedy, Fiona Boniwell, Eoin Coveney, Haley Mulcah, Kevin Keane** agus **Alan Corbett**.

Bhí sé tábhachtach freisin go n-éireodh le pobail agus le lucht féachana níos leithne páirt a ghlacadh leis an rath a bhí ar an taispeántas úrnua **Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireanneach]** faoi choimeád an aoi-choimeádaí William Laffan agus Dawn Williams. Cuireadh breis is 80 saothar ar taispeáint inar bailíodh saothair de chuid 40 ealaíontóir le chéile chun an stair shaibhir atá ag an nocht agus an choirp lomnocht a léiriú i saothar agus cleachtas ealaíontóirí Éireannacha lena n-áirítear **Dorothy Cross, Megan Eustace, Dragana Jurisic, Brian Maguire, Elizabeth Cope, Nigel Rolfe, Amanda Coogan, Kevin Francis Gray, Kathy Prendergast, Robert Ballagh** agus **Francis Bacon, Barrie Cooke, Sarah Purser, Roderic O'Connor, Hugh Douglas Hamilton** lena dtaobh.

Idir Seilagh-na-Giganna ón ré mheánaoiseach nach fios cé a rinne iad, go saothar comhaimseartha fístéipe agus taibhrithe, tugadh léiriú sa taispeántas ar an tairbhe a bhain ealaíontóirí Éireannacha as an nocht i slíte éagsúla agus ar mhaithe le cuspóirí éagsúla.

Mar ábhar den focónagrafaíocht, is féidir an nocht a úsáid mar thurgnamh stíle, agus i measc na stíleanna a bhí le brath ann bhí samplaí ann den neo-chlasachasacht den chiúbachas agus den eispriseanachas. Rinneadh tagairt do cheisteanna inscne agus gnéasachta, den cheilt, agus den taispeántas, den chinsireacht agus den íolbhriseadh, den





ghníomhaireacht, den neamhspleáchas - agus uaireanta malairtí na coincheapa sin uile - le saothair a bhí gríosaitheach, cuid de, agus domhain in áiteanna uile, agus graosta, greann agus treascrach fiú, in áiteanna eile.

Cuireadh **Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireanneach]** i gcrích le tacaíocht fhlaithiúil a fuarthas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.





AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD

Líon na gCuairteoirí

Tháinig méadú de 42,175 ar líon na gcuairteoirí in 2018, is ionann sin agus méadú de bheis is 22% ar an líon cuairteoirí a bhí ann in 2017. In 2018, baineadh amach an líon is mó cuairteoirí ar taifeadadh riamh in aghaidh aon bhliain amháin cé is moite de 2005, bliain ina raibh Cathair Chorcaí mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. I rith na bliana, lean líon na gcuairteoirí ar aghaidh ag fás agus dá bharr sin bhí breis agus 230,000 cuairteoir ann, agus fágann sé sin gur institiúid ceannróaíoch náisiúnta is í Dánlann Crawford, agus díol spéise do thurasóirí agus ionad tearmainn i gCorcaigh leis, a bhfuil gean mór ag an bpobal dó. Bhí an-áthas orainn sa Dánlann gur thug ár gcomhghleacaithe sa Chathair aitheantas orainn nuair ar bronnadh Duais CBA (Comhlachas Gnó Chorcaí) orainn sa chatagóir Ealaíona agus Imeachtaí Turasóireachta Is Fearr i gCorcaigh.

Clár na dTaispeántas & na bPobail Éisteachta

Trí clár láidir a chur ar fáil, chomh maith leis an mhargaíocht agus an chumarsáid láidre, táthar ag leanúint le feabhas a chur ar thuiscint an phobail agus ar phróifíl na Dánlainne, agus mar thoradh air sin tá méadú mór tagtha ar líon na gcuairteoirí agus ar an láithreacht níos fearr atá againn i measc ár spriocmhargaí. Bhí an-tóir ar an taispeántais fairsing, ilchineálach agus ardcháilíocht i measc an phobail agus táthar ag leanúint le lucht féachana nua a mhealladh leis an gclár Foghlama agus Fiosraithe ar ardchaighdeán

Cuireadh tús leis an mbliain le taispeántas láidir de shaothair de chuid Phillip Toledano, *Maybe: Life & love [B'fhéidir: An Saol & an Grá]* ina ndearnadh scrúdú ar an gceist faoina bheith ag dul in aois, ar cheist an réaltrú agus ar cheist an bháis, agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana go léir, idir daoine óga agus daoine aosta.

I samhradh 2018, i dtaispeántas mór, *Naked Truth: The Nude in Irish Art [An Fhírinne Lom: An Nocht san Ealaín Éireanneach]* rinneadh scrúdú ar an ábhar seo nach bhfuil dóthain airde tugtha dó agus don traidisiún saibhir an nocht a tharraingt san amharcealaín Éireannach. Le breis agus 80 saothar ann, cuireadh an nocht agus an corpán nocht mar atá siad le brath i saothair de chuid ealaíontóirí Éireannacha ar taispeáint sa taispeántas iontach seo.

Chomh maith leis an rath a bhí ar Naked Truth [An Fhírinne Lom] le cuairteoirí agus leis na meáin, rinne an Dánlann amhlaidh is mar a rinneadh i Gailearaithe Idirnáisiúnta dála an Palais de Tokyo i bPáras agus Gailearaí Náisiúnta na hAstráile, agus fáilte a chur roimh thurais timpeall na dánlainne go lom nocht. Rinneadh an cur síos ar na himeachtaí sin sna meáin sa cheantar áitiúil, agus sna meáin náisiúnta agus hidirnáisiúnta, idir ábhair chlóite, na meáin shóisialta, an raidió agus ar an teilifís chomh maith. Tríd an taispeántas Naked Truth [An Fhírinne Lom] agus na gníomhaíochtaí éagsúla a bhí ag gabháil leis, chuaigh an Dánlann i bhfeidhm ar lucht féachana níos óige agus leanadh leis chun í féin a chur i mbun mar mhol dinimiciúil sa Chathair.

Leanadh le taispeántais ar ardchaighdeán a raibh freastal maith orthu i rith na bliana le clár iontach i gcomhar le hIonad Ealaíon Sirius mar chuid de One here Now: Tionscadal Brian O'Doherty/Patrick Ireland. Thóg an tionscadal seo ar taispeántas de shaothair de chuid O'Doherty sa Crawford in 1995 agus rinneadh an gaol atá eadrainn agus O'Doherty/Novak a dhaingniú dá bharr.

Mar chuid d'Fhéile Lá 'le Eoin Chorcaí, d'eagraigh an Dánlann tionscadal comhoibrithe i gcomhar le Cork Printmakers agus Cumann Náisiúnta Éamhnóirí Comhaimseartha na hIodáile ina raibh dhá ealaíontóir Iodálach agus beirt ealaíontóirí Éireannacha a ghlac páirt i Stampa Ora / Print Now. Ba le linn Fhéile Lá 'le Eoin freisin ar cuireadh an imeacht thaitneamhach sin Crosstown Drift, A Night at the Gallery i láthair sa Seomra Maith. Tá na himeachtaí seo go léir dírithe ar lucht féachana nua a mhealladh chun Crawford.

Chomh maith leis sin i mí an Mheithimh, d'eagraigh grúpa Ealaíne na bhFear Fair Hill taispeántas ina bpobal leis an saothar lárnach *The Men of Fair Hill [Fir Chnoc an Aonaigh]*, bunaithe ar an saothar le Sean Keating, *Men of the South [Fir an Deiscirt]*, atá mar chuid de bhailiúchán na Dánlainne. D'oibrigh foireann Bí ag Foghlam is ag Fiosrú Dhánlann Crawford le breis agus trí bliana ar an tionscadal seo

AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD



i gcomhar le Grúpa Ealaíne Fear Chnoc an Aonaigh agus an t-éascaitheoir ealaíontóra Paul Mc Kenna.

Tá an clár Learn and Explore [Bí ag Foghlaim is ag Fiosrú] riachtanach chun lucht féachana níos óige a mhealladh agus tá sé léirithe sa taighde atá déanta againn go bhfuil an-chuid de na daoine a thugann cuairt orainn go minic a tháinig go dtí an Dánlann den chéad uair nuair leanaí a bhí iontu.

Tógadh an bhliain chun críche le fosc le dhá thaispeántas a bheidh ar siúl i rith aimsir na Nollag agus a bheidh ar siúl suas go dtí Feabhra 2019. In *Earth, Wind & Fire: Made in Cork Contemporary* [Cré, Gaoth & Tine: Déanta i gCorcaigh sa Lá atá Inniu Ann] tá saothar curtha i láthair de chuid seisear ealaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu, Anne Kiely/ Mary Palmer, Nuala O'Donovan, Alex Pentek, Eoin Turner agus Joseph Walsh. Chomh maith leis sin, Dreaming in Blue: Is éard atá i gceist le *Harry Clarke Watercolours* [Uiscedhathanna Harry Clarke] ná deis a bhíonn ann uair amháin sa bhliain chun na huiscedhathanna ón mbailiúchán a fheiceáil agus taitneamh a bhaint as fuaim speisialta coimisiúnaithe ag an aisteoir Fiona Shaw. Is ealaíontóir an-spéisiúil don phobal é Harry Clarke agus tá an lucht a bhíonn ag leanúint a chuid saothar an-dílis ar fad. Leis an “deis seo nach mbíonn ann ach uair sa bhliain” chun na huiscedhathanna a fheiceáil, tá stádas ar leith bainte amach ag an saothar agus an taispeántas.

Clár Dé Domhnaigh agus Lucht Spéise Dé Domhnaigh

Mar fhreagra ar líon na gcuairteoirí atá ag dul i méid agus ar éileamh an phobail, cuireadh tús leis an Dánlann a bheith oscailte ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc ón 8 Aibreán. Chun teacht a fháil ar mhargaí nua agus chun cur leis an lucht féachana, chuaigh an Dánlann i gcomhar le Scoil Cheoil CIT Chorcaí chun Ceol a thairiscint um meán lae, saor in aisce do gach aon duine ar an gcéad Domhnach den mhí i nDánlann Crawford. Tá an scéalaíocht anois mar chuid de chlár an Domhnaigh i gcomhar le Cuideachta Amharclainne Brokencrow. Tá an Gailearaí oscailte anois ar feadh seacht lá in aghaidh na seachtaine agus tá sé ina mhol gníomhaíochta ar an Domhnach agus ar laethanta saoire bainc agus turais agus ceardlanna saor in aisce ar siúl ann ag 2pm. Bhí tairiscintí speisialta againn i gcomhar leis an gCaifé chun lucht

féachana éagsúil a mhealladh idir teaghlaigh óga agus daoine fásta chun na ceardlanna, agus idir muintir na háite agus cuairteoirí idirnáisiúnta.

An fhorbairt caidrimh agus forbairt an lucht féachana

Chun cur leis an rath a bhí bainte amach in 2017, comhoibríonn an rannán margaíochta i gcomhar lenár gcomhpháirtithe cultúrtha sa chathair agus go náisiúnta, chomh maith leis na heagraíochtaí corparáideacha agus sibhialta níos leithne chun a chinntiú go bhfuil eispéiris Crawford ar fáil agus inrochtana don oiread daoine is gur féidir.

Táimid ag cur comhpháirtíochtaí dáiríre i gcrích le Fáilte Éireann, le tionscal an fháilteachais, leis an oifig turasóireachta, le haerfort Chorcaí, leis an gComhairle Cathrach, le Visit Cork, le Pure Cork, le CBA, leis an gComhlachas Tráchtála, le Network Cork, leis na féilte uile a bhíonn ar siúl sa chathair, le hostáin, agus leis na hinstiitíidí cultúrtha agus gailearaí uile sa tír seo agus ar fud an domhain, fiú.

Taighde

In 2018 thugamar faoi thaighde príomhúil mór (taighde cainníochtúil go príomha). Chabhraigh na torthaí linn an lucht féachana atá againn a phróifiliú agus ár n-ábhair mhargaíochta a dhíríú dá réir.

Bhí an taighde a rinneadh in 2018 mar chuid lárnach den obair leanúnach atá á déanamh i gcomhar le Fáilte Éireann chun an Dánlann a chur ina seasamh mar cheann scríbe turasóireachta den chéad ghrád.

Ábhair Mhargaíochta

Tá sé curtha in iúl dúinn i dtaighde go bhfuil an brandáil sheachtrach agus an bróisiúr éifeachtach chun lucht féachana a mhealladh agus déantar iad a nuashonrú uair sa ráithe. Is bealach eile é an caifé seachtrach ina bhfuil sé tar éis aghaidh sheachtrach an fhoirgnimh a mhaolú, dath a chur leis, agus spleodar a ghiniúint timpeall an fhoirgnimh.

AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD

Caitear buiséad fógraíochta na Dánlainne ar fhoilseacháin áitiúla, ar na Meáin Sóisialta, agus sa Phreas chun cur leis an teagmhála a dhéantar leis an bpobal agus leis an méid feasachta atá ann faoin Dánlann.

Forbraíodh bróisiúr Dánlainne uair sa ráithe agus táthar tar éis a leithdháileadh a dhaingniú i ngach spás poiblí i gcathair agus contae Chorcaí, in óstáin, i limistéir thurasóirí, i leabharlanna, i gcaiféanna, i mbeáir srl. Sa bhróisiúr seo, cuirtear taispeántais ar leith chun cinn, chomh maith leis na himeachtaí foghlama agus fiosraithe, na searmanais shibhialta agus ár gcaifé. Tá sé léirithe i dtaighde gur uirlis éifeachtach mhargaíochta éifeachtach é don Dánlann, don lucht féachana ón gceantar áitiúil agus do chuairteoirí (turasóirí) araon.

Taobh istigh doras na Dánlainne tá scáileán faisnéise ar a bhfuil eolas agus cúnamh curtha ar fáil don phobal chun an bealach timpeall na dtaispeántas a aimsiú agus chun iad a chur chun cinn.

Feachtais chumarsáide

Cuireadh feachtais chumarsáide i mbun le haghaidh gach aon taispeántas agus imeacht mór. I measc na mbuaicphointí taobh amuigh de na feachtais taispeántas náirítear Stiúrthóir nua a bheith fógartha, na Turais Lomnocht timpeall na Dánlainne, na ceannacháin nua, a bheith ar oscailt Dé Domhnaigh agus fógraí Dámhachtainí. Gineadh clúdach forleathan sna meáin mar gheall ar gach aon cheann de na himeachtaí siúd agus bhí trácht ar chuid de na himeachtaí/taispeántais a raibh an-tóir orthu sa phreas náisiúnta, ar an teilifís agus ar stáisiúin raidió náisiúnta. Ina theannta sin, thógamar feachtais chumarsáide timpeall ár n-urraitheoirí corparáideacha Arup - Urraitheoirí *Earth Wind and Fire* [Cré, Gaoth agus Tine] agus de réir mar a leanann na caidrimh seo ar aghaidh ag fás agus ag forbairt.

Siopa leabhar

Leanann an siopa leabhar leis an tairiscint bronnatanas, leabhar, cártaí, málaí agus earraí do leanaí a nuashonrú agus a fhairsingiú, agus tá marsantacht ar leith ar fáil do phríomhthaispeántais.

Tá borradh ag teacht faoin ioncam ann de réir a chéile de réir mar a thagann fás faoi líon na gcuairteoirí atá ag dul ann.

Láithreán Gréasáin

Táimid tar éis roinnt nuashonruithe a thabhairt isteach ar ár suíomh gréasáin, rud a fhágann go mbeidh sé níos bríomhaire agus go mbeidh eolas cothrom le dáta ar fáil do chuairteoirí ar an suíomh faoina bhfuil ag tarlú sa Dhánlann agus leathanach nua faoi Cad Atá Ar Siúl curtha leis. Rinneamar nuashonrú ar an suíomh freisin ionas go mbeimid in ann ábhar físe a ghabhann leis na taispeántais a uaslódáil ann. Chun cabhrú linn bainistiú níos fearr a dhéanamh ar imeachtaí, bainimid úsáid as Eventbrite go rialta chun áirithint a dhéanamh agus is féidir teacht air ar ár suíomh. Tá an fás atá faoin trácht ar an láithreán ghréasáin ónár gcainéil sna meáin sóisialta, ó ríomhphoist spriocdhírthe agus ónár nuachtlitreacha.

Na Meáin Shóisialta


In 2018 bhain gach aon cheann de na cainéil meán sóisialta le fás nádúrtha seasta agus láidir. Tháinig méadú 33.7% ar Facebook, 88.6% ar Instagram, is é sin an méadú is mó, agus méadú 25% ar Twitter. Déanann an Dánlann an lucht leanúna atá againn a ghríosú chun an taithí a bhíonn acu ann a roinnt, agus faighimid a leithéid d'aiseolas. Tá an t-ábhar lárnach agus amharcáin láidre agus ton comhsheasmhach lena gcuirtear feabhas ar an láithreacht atá againn ar líne. Le haghaidh gach taispeántais cruthaímid ábhar físe sna hamharcáin agus faightear fáilte mhór rompu ar fud gach ardán.

Na meáin shóisialta - Comórtais / gearrthóga físe srl. Tá fás athluathaithe tagtha faoi Dhánlann Crawford sna meáin shóisialta in 2018. Tharla an méadú seo mar gheall ar an mbéim athnuaite ar cuireadh ar fheachtais taispeántais agus imeachtaí ar leith, leithéidí seoladh na *Earth, Wind & Fire* [Cré, Gaoth & Tine], *Naked Truth* [An Fhírinne Lom], agus mar gheall ar an Dánlann a bheith curtha ar oscailt Dé Domhnaigh agus Laethanta Saoire Bainc.

Faoi láthair táimid ag feidhmiú ar cheithre ardán: Facebook, Instagram, Twitter, go bunúsach, agus, ar bhealach i bhfad níos lú, LinkedIn.



AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD



IMEACHTAÍ

D'eagraigh Dánlann Crawford roinnt imeachtaí in 2018. Is meascán iad seo d'imeachtaí Corparáideacha, de Phóstaí agus d'imeachtaí Féilte. Ar cheann de na cinn ba shuntasáí tá dinnéar cóisir do Chomhairle Cathrach Chorcaí i nGailearaí an tSeomra Fhada le haghaidh cuairt a thug Prionsa na Breataine Bige agus Bandiúca Chorn na Breataine ar Éirinn. Chuir Caifé Dhánlann Crawford an dinnéar seo ar siúl le cabhair ó Rory O'Connell ó Ballymaloe agus d'fhreastail lucht éagsúil air idir muintir ghnó Chorcaí, comhairleoirí cathrach, idirghabhálaithe pobail agus an Tánaiste Simon Coveney. Tarraingíodh aird na meán ar an imeacht ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I measc na himeachtaí corporáideacha a cuireadh ar siúl in 2018, áirítear Seoladh seirbhísí Air France ó Chorcaigh go Páras, fáiltiú dí de chuid AIB, díospóireacht phainéil maidir le Boird Stáit, seoltaí leabhar, imeacht de chuid Bhord Stiúrthóirí Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, Lónra Eorpach na n-Aturnaetha, lucht gnó óstán, imeacht de chuid an Chomhlachais Tráchtála, agus go leor eile.

Bhí an-chuid searmanais shibhialta ar tionóladh sa Dánlann le linn 2018 chomh maith, agus bhain roinnt díobh leas as an gcaifé in-tí tar éis an tsearmanais, le haghaidh an dinnéir.

Is minic a théimid i mbun teagmhála le daoine nár thug cuairt riamh ar an ndánlann go dtí sin, agus iad ann le haghaidh ceann de na himeachtaí siúd. Is deis iontach é dúinn cuairteoirí a chur ar an eolas maidir leis na cláir, na gníomhaíochtaí Foghlama agus Fiosrúcháin agus an rochtainn Saoire Dé Domhnaigh / Bainc agus iad ag tabhairt cuairte orainn den chéad uair. Táimid ag obair níos mó de réir a chéile i gcomhar le cuideachtaí bainistíochta imeachtaí agus ag cur leis an gcaidreamh idir sinn is iad chun cur leis an méid tráchta a dhéanfar orainn amach anseo.

Clárú Cláir An Domhnaigh agus Forbairt an Lucht Féachana

Cuireadh tús leis an Dánlann a bheith ar oscail Dé Domhnaigh i mí Aibreáin 2018. Cuireann an clár Dé Domhnaigh thurais agus ceardlanna ealaíne ar fáil saor in aisce uair sa tseachtain chomh maith leis an scéalaíocht agus Ceol uair sa mhí.

Tá na cuairteoirí dírithe ar an gcuairteoir fásta den chuid is mó ach tá siad oscailte do leanaí freisin agus cuirfidh ár dtreoirithe turais a bhfuil taithí acu an turas in oiriúint don lucht féachana ar leith atá ann. Bíonn ealaíontóirí a bhfuil taithí acu i gceannas ar na ceardlanna Ealaíne Dé Domhnaigh agus cuirtear ar fáil iad ar bhonn buail isteach. Táimid tar éis dul i mbun teagmhála le lucht eagraithe na bhféile sa chathair chun téamaí a chur leis na ceardlanna a thionóltar ar imeall na bhféilte agus d'oibrigh sé seo go han-mhaith chun na téamaí a choinneáil úr agus chun tras-mhargáíocht a dhéanamh fúthu sna meáin shóisialta agus sna meáin cumarsáide eile chomh maith.

Chuaigh an dánlann i gcomhpháirtíocht le Scoil Cheoil CIT le haghaidh Ceol ag Meán Lae. Ceolchoirm míosúil atá i gceist a bhíonn ar siúl sa dánlann ag meán lae. Tarlaíonn na ceolchoirmeacha i spásanna gailearaí difriúla ag brath ar an gceol agus ar na fuaimeanna a bhíonn de dhíth. Tá gné nua don léirtheiscint cheoil agus ealaíne mar gheall air seo agus is deis iontach é chun an lucht féachana atá againn a fhorbairt. Tá beogacht suntasach curtha sa dhánlann go luath sa lá ar an gcéad Domhnach de gach mí leis an tairiscint seo.


Chomh maith leis sin, chuaigh an dánlann i mbun comhpháirtíochta le Cuideachta Amharclannaíochta BrokenCrow chun an scéalaíocht a chur ar fáil do lucht éisteachta na luathbhlianta ar an Domhnach deireanach den mhí. Cuireann BrokenCrow an scéalaíocht idirghníomhach ar siúl i seomra Penrose do ghrúpaí beaga leanaí atá idir 0-3 bliana d'aois. Cheannaíomar ruga agus roinnt cúisíní chun timpeallacht dheas chompordach a dhéanamh de. Tá na ticéid saor in aisce ach tá siad á mbainistiú le hEventbrite ionas gur féidir a bheith cinnte de nach mbeidh ann ach líon beag daoine ar mhaithe le riachtanais lucht féachana na luathbhlianta.

AN MHAIRGÍOCHT A DHÉANAMH AR DHÁNLANN CRAWFORD



CUAIRTEOIRÍ

2018	230,000 Cuairteoir
2017	187,825

STATISTICÍ LÁITHREÁIN



STATISTICÍ FAOI NA MEÁIN SHÓISIALAIGH



CREIDIÚINTÍ DO NA HÍOMHÁNNA

Clúdach Tosaigh: © Jed Niezgoda, Taobh Amuigh de Dhánlann Crawford (Iarnóin)
Réamhleathanach 1: © Dánlann Crawford, Turas Treoraithe ar an Músaem in éineacht leis an Dr. Michael Waldron
Leathanach 2: © Lee Welch, Alice Maher
Leathanach 4: © CAG, Rose McHugh
Leathanach 5: © Jed Niezgoda Photography, Mary McCarthy
Leathanach 6: © Jed Niezgoda Photography, Mary McCarthy
Leathanach 7: © Jed Niezgoda Photography, Mary McCarthy
Leathanach 8: © Sochraid Sráidbhaile
Leathanach 8: © Nocht Ina Luí Siar Leathanach 9: © Nigel Rolfe
Leathanach 9: © Janet Mullarney, Graphite
Leathanach 9: © Janet Mullarney
Leathanach 10: © Taispeántas Mary Swanzy Leathanach 11: © Comharthaí den Athrú
Leathanach 13: © An Caomhnú
Leathanach 13: © LJed Niezgoda, Canova á Atheilgeadh
Leathanach 35: © An Dr. Michael Waldron
Leathanach 14: © Bí Ag Foghlaim Is Ag Fiosrú
Leathanach 15: © Póstaer Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil Chorcaí
Leathanach 16: © Bí Ag Foghlaim & Ag Fiosrú, Tara Flynn
Leathanach 17: © Damhsóirí
Leathanach 18: © Bí Ag Foghlaim & Ag Fiosrú
Leathanach 19: © Bí Ag Foghlaim & Ag Fiosrú, Clár na Fírinne Loime
Leathanach 20-24: © Cairde Dhánlann Crawford
Leathanach 24, 25: © Caifé Dhánlann Crawford
Leathanach 26: © Phillip Toledano, Dailicín
Leathanach 27: © Alice Maher, *Vox Hybrida*
Leathanach 28: © Brian O'Doherty. *Catherine O'Connor agus Cláirseach aici*
Leathanach 29: © Phillip Toledano, Aoife Clash
Leathanach 30: © Mike Mac Sweeney *Fiona Shaw Solo*. Mike Mac Sweeney, an suiteáil "Naked Truth" ["An Fhírinne Lom"],
Leathanach 31: © Stiúideo Joseph Walsh, *Enignum Canopy Bed I (7)* Le caoinchead Stiúideo Joseph Walsh.
Íomhánna le hAndrew Bradley
Leathanach 32: © CAG, Cuairt a Mógachta Ríoga
Leathanach 34: © Jed Niezgoda, Naked Truth [An Fhírinne Lom]
Leathanach 35: © An Dr. Michael Waldron
Leathanach 36: © CAG, An Seomra Fada

Ráitis Airgeadais & Teastas 2018